Curaclam
Thuaisceart Éireann

Obair le Daoine Eile

Nuair a bhím ag obair i ngrúpa, tig liom mé féin agus daoine eile sa ghrúpa a eagrú gan chuidiú ón mhúinteoir.

Tá a fhios agam go bhfuil sé maith go leor má tá na smaointe agus na tuairimí agam féin difriúil le smaointe agus tuairimí daoine eile.

Cuidím le daoine eile má bhíonn cuidiú de dhíth orthu.

Déanaim sealaíocht ar na róil éagsúla agus mé ag obair i ngrúpa.

Tig liom a rá le daoine cad é atá maith faoina gcuid oibre agus cad é mar a thiocfadh leo í a fheabhsú.

Éistím le moltaí daoine eile faoin dóigh a dtiocfadh liom mo chuid oibre a fheabhsú.

Tig liom a bheith ag obair le daoine eile le comhaontú a bhaint amach nó le cinneadh a dhéanamh.

Mura dtig leis na daoine i mo ghrúpa aontú ar rud, tig liom cuidiú leo cinneadh ar cad é a dhéanfaidh siad, ar bhealach cothrom stuama.

Tig liom éisteacht le tuairimí daoine eile agus meas a léiriú orthu, fiú murab ionann iad agus na tuairimí agam féin.

Eochairchéim 2 © CCEA 2010

Labhairt faoi Smaointeoireacht
Foghlaim Chomhoibritheach a Éascú